Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Bealtaine 2018
(OR. en)**

**9317/18
ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0193 (COD)**

**PECHE 177
CODEC 850
IA 157**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Bealtaine 2018 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2018) 279 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1005/2008, agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialú ar iascach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2018) 279 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: SWD(2018) 279 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.5.2018
SWD(2018) 279 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1005/2008, agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialú ar iascach**

{COM(2018) 368 final} - {SEC(2018) 267 final} - {SWD(2018) 280 final}

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin** |
|---|
| Measúnú tionchair ar Thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 768/2005 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le rialuithe iascaigh |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** 11 líne ar a mhéad |
| Dearadh córas rialaithe iascaigh reatha an Aontas roimh an gComhbheartas Iascaigh athchóirithe agus dá réir sin níl sé **comhleanúnach** leis. Chuirfear easpa gníomhaíochta maidir leis sin isteach go mór ar chomhlíontacht leis an gComhbheartas Iascaigh agus ar chomhlíonadh na gcuspóirí lena mbaineann. Ina theannta sin, na laethanta seo, tá an córas **as dáta,**, go príomha ós rud é go bhfuil sé páipéar-bhunaithe den chuid is mó. De thoradh sin, bíonn easpa éifeachtachta agus éifeachtúlachta i gceist, mar a aithníodh go forleathan agus mar a tugadh chun suntais ag na ceithre Institiúid Eorpacha (an Coimisiún, an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus Cúirt na nIniúchóirí), agus iad go léir ag maíomh gur gá an creat a athchóiriú. Sainaithníodh de bhun chleachtas REFIT a rinne an Coimisiún na spreagthaí bunúsacha a leanas: a) Easpa beart chun forálacha an Chomhbheartais Iascaigh athchóirithe a rialú, easpa sineirgí le beartais eile; b) Castacht an chreata reachtaigh agus neamhréireacht forálacha dlí; c) Forálacha neamhleora le haghaidh sonraí iascaigh; d) Rialacha forfheidhmiúcháin nach leordhóthanach mar dhíspreagadh iad. Is iad seo a leanas na páirtithe leasmhara a ndéanann an tionscnamh seo tionchar orthu: oibreoirí iascaigh, údaráis phoiblí i mBallstáit, an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** 8 líne ar a mhéad |
| Is iad príomhchuspóirí an tionscnaimh seo éifeachtacht agus éifeachtúlacht a chur le córas an Aontais um rialú ar iascach agus comhlíontacht iomlán leis an gComhbheartas Iascaigh athchóirithe agus comhlíonadh a chuspóirí a áirithiú.<br>Is éard is aidhm leis na cuspóirí sonracha: 1) Na bearnaí idir an Comhbheartas Iascaigh agus beartais eile an Aontais a líonadh; 2) An creat reachtach a shimpliú agus an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú; 3) Infhaighteacht, iontaofacht agus críochnúlacht na sonraí agus na faisnéise iascaigh a fheabshú, go háirithe sonraí maidir le gabhálacha, agus malartú agus comhroinnt faisnéise a chumasú; agus 4) Constaicí a chuireann bac ar fhorbairt de chultúr comhlíontachta agus de chóireáil chothromasach i dtaobh oibreoirí ar fud na mBallstát a bhaint. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** 7 líne ar a mhéad |
| Tá an Comhbheartas Iascaigh agus rialú air ina réimse d'inniúlacht eisiach an Aontais de bhun Airteagal 3(d) den Chonradh. Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais ag teastáil ó na hInstitiúidí Eorpacha agus í tacaithe go láidir ag páirtithe leasmhara, na Ballstáit san áireamh, chomh fada agus go gcothaíonn sí luach i gcomparáid le cineálacha cur chuige éagsúlaithe náisiúnta féideartha trí chreat rialaithe comhchuibhithe i dtaobh fhorálacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, trí rannchuidiú le cothroime iomaíochta i measc iascairí an Aontais agus faoi dheoidh trí chultúr comhlíontachta a chur chun cinn ar fud an Aontais. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha tosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** 14 líne ar a mhéad |
| Rinneadh trí rogha bheartais a anailísiú trí phróiseas an Mheasúnaithe Tionchair: (0) An Bhunlíne ; (1) |

| |
|---|
| Leasuithe sprioctha an Rialacháin um Rialú Iascaigh; (2) Leasuithe sprioctha an Chórais um Rialú Iascaigh (go háirithe Rialacháin maidir le: Rialú Iascaigh, Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuairiscithe agus Neamhrialaithe agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach). Léiríonn Rogha 2 feidhmíocht i bhfad níos fearr ar an iomlán i gcomparáid leis na roghanna eile agus is í sin an rogha tosaíochta. Bhainfeadh an méid a leanas leis an rogha sin: 1) Comhleanúnachas leis an gComhbheartas Iascaigh a áirithiú; 2) Córas rialaithe a bheidh oiriúnaithe don todhchaí a áirithiú; 3) An creat reachtach a shimpliú agus an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a laghdú; 4) Cultúr comhlíontachta i dtaobh an Chomhbheartais Iascaigh a fheabhsú; 5) Cóir chomhionann oibreoirí a áirithiú; 6) Cáilíocht sonraí iascaigh a fheabhsú agus iad a mhalartú agus a chomhroinnt; 7) Sonraí eolaíocha maidir le measúnú stoic a fheabhsú; 8) Sineirgí le beartais eile a mhéadú; 9) Iomaíochas na hearnála tionsclaíochta Eorpaí a fheabhsú; 10) Breis agus dhá oiread níos mó euro a infheistiú i rialú mar ioncam do gheilleagar an Aontais Eorpaigh; 11) Líon na bpost nua a chruthaítear sa réimse TFC a mhéadú; 12) Infheistíochtaí i dteicneolaíochtáí nua a threisiú agus 157 M€ a choigilt thar thréimhse cúig bliana i gcomparáid leis an mbunlíne; 13) Cuirfear feabhas níos tapúla ar stádas na stoc agus dá réir sin beidh méadú ar bhrabúsacht na soitheach lena mbaineann agus ar phá na n-iascairí. |
| **Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** 7 líne ar a mhéad |
| Thacaigh tromlach na bpáirtithe leasmhara ar imíodh i gcomhairle leo, na Ballstáit san áireamh, go láidir le Rogha 2 nó ba í Rogha 2 a rogha tosaíochta. Níor thacaigh aon cheann de na páirtithe leasmhara le beartas nach mbainfeadh aon athrú leis (an bhunlíne). |
| **C. Na tionchair a bheidh ag an rogha tosaíochta** |
| **Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann dóibh, seachas na príomhchinn)?** 12 líne ar a mhéad |
| Chuimseodh tionchair chomhshaoil dhearfacha an méid a leanas: ró-iascaireacht a laghdú, aischur ar muir a dhíothú, stoic éisc níos folláine agus rialú cuí ar limistéir mhuirí chosanta.<br>Áirítear le príomhthairbhí socheacnamaíocha : pá méadaithe agus iomaíochas earnáil tionsclaíochta na hiascaireachta, go háirithe i gcás an fhlít bhig; cruthú post a chur chun cinn (go háirithe maidir le TFC); comhlíontacht fheabhsaithe leis an gComhbheartas Iascaigh agus cóireáil chomhionann iascairí. Ina theannta sin, táthar ag súil go ndéanfaidh an Rogha tosaíochta ualach riaracháin an chórais reatha a shimpliú agus a laghdú go mór, agus meastachán ann gur fiú 157 M€ na coigiltis chostais thar thréimhse 5 bliana i gcomparáid leis an mbunlíne. Ba cheart a thabhairt faoi deara cé go bhféadfaí luach airgid a chur ar chuid de na coigiltis, sainaithníodh coigiltis áirithe nárbh fhéidir iad a chainníochtú. |
| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, seachas na príomhchostais)?** 12 líne ar a mhéad |
| Bheadh na costais i "gcomhréir" leis na tairbhí arna mbaint amach (go háirithe agus na coigiltis chostais á gcur san áireamh) agus iad cost-éifeachtach, le tairbhí nach beag i bhfad chun tosaigh ar na hathruithe measartha beag ar chostais. Bhainfeadh údaráis na mBallstát tairbhe as coigiltis chostais faoin rogha sin trí shimpliú agus trí idir-oibritheacht. Bainfidh na costais chomhlíontachta le faireachán ar an gcumas iascaireachta (5.1 M€ le haghaidh gnóthaí, i bpáirt arna gcúiteamh le coigiltis 4.2 M€ le haghaidh na n-údarás) agus rialú na hoibleagáide maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír (infheistíochtaí 7.2 M€). Thiocfadh na hinfheistíochtaí iomlána i TFC le 134.6 M€ thar 5 bliana, ach dhéanfar é sin a chúiteamh i bpáirt le coigiltis chostais athfhillteacha de 127.3 M€ thar an tréimhse chéanna.<br>Níltear ag súil le tionchair dhiúltacha shóisialta ná i dtaobh an chomhshaoil mar gheall ar an rogha tosaíochta. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** 8 líne ar a mhéad |
| Ní bheadh ach íoschostais ar ghnóthaí, a bheadh incháilithe le haghaidh maoinithe faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, agus bheadh na gnóthaí céanna ina bhfaighteoir de thairbhí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta. Ina theannta sin, déanfar aon ualach sa bhreis d'oibreoirí beaga (iascairí ar mhionscála) a sheachaint trí chórais tuairiscithe cost-éifeachtacha éasca a thabhairt isteach le haghaidh sonraí iascaigh, ag baint buntáiste as teicneolaíochtaí na bhfón póca atá ar fáil go forleathan. Bheadh na |

| |
|---|
| córais sin incháilithe le haghaidh maoinithe faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh. Ina theannta sin, treiseoidh tabhairt isteach na TFC nua le nuáil agus ag cur bealaí nua ar fáil chun poist a chruthú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnóthaí nuathionscanta. |
| **An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** 4 líne ar a mhéad |
| Bheadh ar na Ballstáit réitigh TFC a fhorbairt chun digitiú na gcóras sonraí iascaigh a chur i gcrích agus chun an sreabhadh sonraí nua a bhainistiú (is féidir cúiteamh a fháil i leith na gcostas faoin gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh) agus chun an córas digiteach nua a chur chun feidhme le haghaidh táirgí iascaigh allmhairithe ó thríú tíortha (deimhniú leictreonach gabhála). |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** 6 líne ar a mhéad |
| Bheadh iascairí neamhthráchtála i gcoitinne faoi réir ag rialacha níos doicthe ná mar atá inniu, rud a chuirfidh ina cheangal orthu gabhálacha a thuairisciú go háirithe. Bainfidh saoránaigh tairbhe as faisnéis níos fearr agus níos iontaofa maidir le táirgí iascaigh agus as slándáil fheabhsaithe ar sholáthairtí bia mara. |
| **D. Athleanúint** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** 4 líne ar a mhéad |
| Foráiltear sa Rialachán reatha um Rialú ar Iascach cheana féin go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar a chur chun feidhme gach 5 bliana, bunaithe ar na tuarascálacha arna gcur isteach ag Ballstát. Coimeádfar an riail sin. |